



Suí iomlánach

A8-0047/2019

29.1.2019

*****I**

TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas
(COM(2018)0745 – C8-0483/2018 – 2018/0390(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Claude Moraes

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann an leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian leis an bParlaimint a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scríosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne an roinn dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

ACHOIMRE

Leathanach

DRÉACHT-RÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN	8
NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH	10
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	11

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas (COM(2018)0745 – C8-0483/2018 – 2018/0390(COD))

(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2018)0745),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 77(2)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C8-/2018),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A8-0047/2019),
1. Ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
 2. Á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. Á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(6) Tá sé ráite ag rialtas na Ríochta Aontaithe go bhfuil rún aige nach gcuirfidh sé de cheangal ar shaoránaigh na

Leasú

(6) Tá sé ráite ag rialtas na Ríochta Aontaithe go bhfuil rún aige nach gcuirfidh sé de cheangal ar shaoránaigh na

27 mBallstát víosa a bheith acu agus iad ag taisteal go dtí an Ríocht Aontaithe do thréimhsí gearrfhanachta gnó nó turasóireachta ón dáta a scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe. ***I gcás ina gcuirfidh an Ríocht Aontaithe ceanglas víosa i bhfeidhm do náisiúnaigh i mBallstát amháin ar a laghad, ba cheart feidhm a bheith ag an sásra cómhalartachta dá bhforáiltear in [Airteagal 1(4) de Rialachán (CE) Uimh. 539/2001]²⁶. Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún gníomhú gan mhoill chun an sásra a chur i bhfeidhm.***

²⁶ Féach fonóta 23.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

27 mBallstát víosa a bheith acu agus iad ag taisteal go dtí an Ríocht Aontaithe do thréimhsí gearrfhanachta gnó nó turasóireachta ón dáta a scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe.

Leasú

(7a) Tá an cinneadh sin bunaithe ar an tuiscint, ar mhaithe le dlúthchaidreamh a choimeád, go ndeonóidh an Ríocht Aontaithe cómhalartacht iomlán víosaí do náisiúnaigh na mBallstát uile. I gcás ina gcuirfidh an Ríocht Aontaithe ceanglas víosa i bhfeidhm do náisiúnaigh i mBallstát amháin ar a laghad amach anseo, ba cheart feidhm a bheith ag an sásra cómhalartachta dá bhforáiltear in [Airteagal 1(4) de Rialachán (CE) Uimh. 539/2001]^{1a}. Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún gníomhú gan mhoill chun an sásra a chur i bhfeidhm. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar urraim do phrionsabal na cómhalartachta ar bhonn leanúnach agus ba cheart dó Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas láithreach faoi aon fhorbairtí lena

*bhféadfar urraim don phrionsabal sin a
chur i mbaol.*

1^a Féach fonóta 23.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Cúlra

Tá an togra reatha ón gCoimisiún mar chuid de na bearta reachtacha is gá chun dlí an Aontais a choigeartú mar gheall ar Brexit. Dírítear leis ar staid náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe a shoiléiriú nuair a thiofadh deireadh le feidhm dhlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le beartas víosa.

Faoi láthair, tá an ceart ag náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe dul isteach in aon Bhallstát gan aon víosa iontrála nó foirmiúlacht den sórt sin. Leis an tarraingt siar ón Aontas, beidh siad ina náisiúnaigh tríú tír faoi théarmaí dhlí an Aontais, áfach. Beidh sé riachtanach mar sin a chinneadh an mbeidh siad faoi réir ceanglas víosa nuair atá siad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát nó an mbeidh siad díolmhaithe ón gceanglas sin.

Le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001¹ maidir le hacquis víosa AE, liostaítear na tíortha a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir an cheanglais víosa, agus in Iarscríbhinn II liostaítear na tíortha sin a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin. Leagtar síos leis an Rialachán seo freisin critéir maidir le cinneadh a dhéanamh maidir le tír a chur isteach in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn II. Caithfidh na comhreachtóirí an cinneadh sin a ghlacadh trí leasú den Rialachán.

Mar a leagtar amach sa ráiteas míniúcháin den togra, rinne an Coimisiún meastóireacht ar staid na Ríochta Aontaithe maidir leis na critéir atá curtha ar bun sa Rialachán. (Baineann na critéir sin, “*inter alia*, le hinimirce neamhdhleathach, beartas poiblí agus slándáil, tairbhe eacnamaíoch, go háirithe i dtéarmaí turasóireachta agus trádála eachtraí, agus caidreamh seachtrach an Aontais leis na tríú tíortha ábhartha, lena n-áirítear, go háirithe, breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le comhleanúnachas agus cómhálartacht réigiúnach”). Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe ar saoránaigh Bhriotanacha iad a bheith díolmhaithe ó cheanglas víosa agus iad ag taisteal go dtí na Ballstáit ar feadh tréimhsí gearrfhanachta.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún, i gcás saoránaigh Bhriotanacha, an Ríocht Aontaithe a chur isteach in Iarscríbhinn II, i.e. an liosta de na tíortha atá díolmhaithe ó cheanglas víosa. Molann sé dhá athrú theicniúla riachtanacha sa bhreis chun an staid dhlíthiúil nua i dtéacs an Rialacháin a léiriú i gceart.

Áirítear in Airteagal 2 den togra meabhrúchán go gcuirtear an sásra cómhálartachta, dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001, i bhfeidhm i gcás ina gcuirfeadh an Ríocht Aontaithe ceanglas víosa i bhfeidhm do náisiúnaigh i mBallstát amháin ar a laghad.

Ar deireadh, leagtar síos le hAirteagal 3 go dtiofadh an Rialachán seo i bhfeidhm an 30 Márta 2019 agus beidh feidhm aige ón lá tar éis an lae a scoirfidh dlí an Aontais d’fheidhm a

¹ Bhí códú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 agus cuirtear Rialachán (AE) 2018/1806 an 14 Samhain 2018 ina ionad, a thiofadh i bhfeidhm an 18 Nollaig 2018. Déanfar tagairtí le linn na téacsanna reachtacha a choigeartú.

bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe.

Seasamh an Rapóirtéara

Measann an Rapóirtéir go ndearna an Coimisiún meastóireacht i gceart ar na critéir ba cheart a bheith ina dtreoir don chinneadh maidir leis an gceist sin. Is é an t-aon chinneadh ciallmhar le glacadh, sa staid reatha, ná náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe a bheith díolmhaithe ó cheanglas víosa.

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

Teideal	Liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas		
Tagairtí	COM(2018)0745 – C8-0483/2018 – 2018/0390(COD)		
Dáta tíolactha chun PE	14.11.2018		
An Coiste freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	LIBE 28.11.2018		
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Claude Moraes 26.11.2018		
Pléite sa choiste	3.12.2018	10.1.2019	29.1.2019
Dáta an ghlactha	29.1.2019		
Toradh na vótála críochnaithe	+: –: 0:	53 0 0	
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Asim Ademov, Martina Anderson, Heinz K. Becker, Monika Beňová, Malin Björk, Michał Boni, Caterina Chinnici, Daniel Dalton, Agustín Díaz de Mera García Consuegra, Cornelia Ernst, Romeo Franz, Kinga Gál, Nathalie Griesbeck, Sylvie Guillaume, Monika Hohlmeier, Filiz Hyusmenova, Sophia in 't Veld, Eva Joly, Dietmar Köster, Barbara Kudrycka, Juan Fernando López Aguilar, Monica Macovei, Roberta Metsola, Claude Moraes, József Nagy, Ivari Padar, Soraya Post, Judith Sargentini, Giancarlo Scottà, Birgit Sippel, Csaba Sógor, Sergei Stanishev, Helga Stevens, Traian Ungureanu, Bodil Valero, Josef Weidenholzer, Cecilia Wikström, Kristina Winberg, Tomáš Zdechovský		
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Carlos Coelho, Anna Maria Corazza Bildt, Pál Csáky, Maria Grapini, Anna Hedh, Sylvia-Yvonne Kaufmann, Andrejs Mamikins, Angelika Mlinar, John Procter, Emil Radev, Kārlis Šadurskis, Barbara Spinelli		
Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Jonathan Bullock, Jill Seymour		
Dáta don chur síos	29.1.2019		

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

53	+
ALDE	Nathalie Griesbeck, Filiz Hyusmenova, Sophia in 't Veld, Angelika Mlinar, Cecilia Wikström
ECR	Daniel Dalton, Monica Macovei, John Procter, Helga Stevens, Kristina Winberg
EFDD	Jonathan Bullock, Jill Seymour
ENF	Giancarlo Scottà
GUE/NGL	Martina Anderson, Malin Björk, Cornelia Ernst, Barbara Spinelli
PPE	Asim Ademov, Heinz K. Becker, Michał Boni, Carlos Coelho, Anna Maria Corazza Bildt, Pál Csáky, Agustín Díaz de Mera García Consuegra, Kinga Gál, Monika Hohlmeier, Barbara Kudrycka, Roberta Metsola, József Nagy, Emil Radev, Kārlis Šadurskis, Csaba Sógor, Traian Ungureanu, Tomáš Zdechovský
S&D	Monika Beňová, Caterina Chinnici, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Anna Hedh, Sylvia-Yvonne Kaufmann, Dietmar Köster, Juan Fernando López Aguilar, Andrejs Mamikins, Claude Moraes, Ivari Padar, Soraya Post, Birgit Sippel, Sergei Stanishev, Josef Weidenholzer
VERTS/ALE	Romeo Franz, Eva Joly, Judith Sargentini, Bodil Valero

0	-

0	0

Eochair na siombailí:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh